



TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P9_TA(2021)0384

Treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát *

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Meán Fómhair 2021 ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát (COM(2021)0282 – C9-0205/2021 – 2021/0137(NLE))

(Comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2021)0282),
 - ag féachaint d’Airteagal 148(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0205/2021),
 - ag féachaint do Rialail 82 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0262/2021),
1. ag formheas an togra ón gCoimisiún arna leasú;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a athrú dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 293(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
 3. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag an bParlaimint;
 4. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint má tá sé ar intinn aici an togra ón gCoimisiún a leasú go substaintiúil;
 5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

Leasú 1

Togra le haghaidh Cinnidh Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(2) Déanfaidh an tAontas an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú a chomhrac agus ceartas agus cosaint shóisialta a chur chun cinn, chomh maith le comhionannas idir mná agus fir, dlúthpháirtíocht idir na glúnta agus cosaint ar chearta an linbh. Le linn don Aontas a bheartais agus a ghníomhaíochtaí a shainiú agus a chur chun feidhme déanfar ceanglais atá nasctha le cur chun cinn ardleibhéil fostaíochta, ráthú chosaint shóisialta leordhóthanach, comhrac na bochtaineachta agus an eisiamh shóisialta, ardleibhéal oideachais agus oiliúna agus cosaint shláinte dhaoine a chur san áireamh mar a leagtar amach in Airteagal 9 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Leasú 2

Togra le haghaidh Cinnidh Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(5) Comhcheanglaíonn an Seimeastar Eorpach ionstraimí éagsúla le chéile i gcreat uileghabhálach a dhéanann comhordú agus faireachas comhtháite iltaobhach ar bheartais eacnamaíochta **agus** fostaíochta. Agus inbhuanaitheacht, táirgeacht, cothroime agus cobhsaíocht

Leasú

(2) Déanfaidh an tAontas an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú a chomhrac agus ceartas agus cosaint shóisialta a chur chun cinn, chomh maith le comhionannas idir mná agus fir, dlúthpháirtíocht idir na glúnta agus cosaint ar chearta an linbh. Le linn don Aontas a bheartais agus a ghníomhaíochtaí a shainiú agus a chur chun feidhme déanfar ceanglais atá nasctha le cur chun cinn ***margaí saothair ionchuimsitheacha***, ardleibhéil fostaíochta, ***cómhargáil, pá cuibhiúil***, ráthú chosaint shóisialta leordhóthanach, comhrac na bochtaineachta agus an eisiamh shóisialta, ***agus béim ar leith ar ghrúpaí leochaileacha, eadhon leanaí, daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair, mionlaigh eitneacha, amhail Romaigh, daoine LGBTIQ+, daoine a mhaireann san iargúil agus seanóirí***, ardleibhéal oideachais agus oiliúna agus cosaint shláinte dhaoine a chur san áireamh mar a leagtar amach in ***Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus in Airteagal 9 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)***.

Leasú

(5) Comhcheanglaíonn an Seimeastar Eorpach ionstraimí éagsúla le chéile i gcreat uileghabhálach a dhéanann comhordú agus faireachas comhtháite iltaobhach ar bheartais eacnamaíochta, fostaíochta, ***sóisialta agus comhshaoil***. Agus inbhuanaitheacht, táirgeacht,

chomhshaoil á saothrú ag an Seimeastar Eorpach, **comhtháthaíonn** sé prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a uirlis faireacháin, an Scórchlár Sóisialta, agus beartaíonn sé rannpháirtíocht láidir leis na comhpháirtithe sóisialta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus geallsealbhóirí eile. Tacaíonn sé leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Ba cheart beartais fostaíochta agus eacnamaíochta an Aontais agus na mBallstát a bheith fite fuaite in aistriú na hEorpa chuig geilleagar aeráidneodrach, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus digiteach, trína ndéanfar an t-iomaíochas a fheabhsú, coinníollacha oibre **leordhóthanacha** a áirithiú, an nuáil a chothú, ceartas sóisialta agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn, chomh maith le dul i ngleic leis an neamh-chomhionannas agus le héagothromaíochtaí réigiúnacha.

cothroime agus cobhsaíocht chomhshaoil á saothrú ag an Seimeastar Eorpach, **ba cheart thairis sin go gcomhtháthódh sé** prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a uirlis faireacháin, an Scórchlár Sóisialta, agus beartaíonn sé rannpháirtíocht láidir leis **na** comhpháirtithe sóisialta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus geallsealbhóirí eile. Tacaíonn sé leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, **comhionannas inscne go háirithe**. Ba cheart beartais fostaíochta agus eacnamaíochta an Aontais agus na mBallstát a bheith fite fuaite in aistriú na hEorpa chuig geilleagar aeráidneodrach, **cuimsitheach ar bhonn sóisialta**, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus digiteach, trína ndéanfar an t-iomaíochas a fheabhsú, coinníollacha oibre **cuibhiúla agus córais leasa shóisialaigh stóinsithe** a áirithiú, an nuálaíocht a chothú, ceartas sóisialta agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn **agus infheistiú san óige**, chomh maith le dul i ngleic leis an neamh-chomhionannas agus le héagothromaíochtaí réigiúnacha **agus bochtaineacht a laghdú. Is gá foráil ar bhonn práinne d'fhostaíocht ardchaighdeán agus inbhuanaithe, lena n-áirítear tionscnaimh maidir le coinníollacha oibre cuibhiúla sa teileaoibriú, an ceart scor, saoire thuismitheoireachta agus saoire ar son cúraim, cearta oibríthe ardáin, creat dlíthiúil ginearálta maidir leis an bhfochonraitheoireacht mar aon le breis trédhearcachta agus moltaí maidir le dlíteanas, agus sláinte agus sábháilteacht, agus ról na cómhargála a neartú.**

Leasú 3

**Togra le haghaidh Cinnidh
Aithris 6**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(6) Mar thoradh ar dhúshláin a

Leasú

(6) Mar thoradh ar dhúshláin a

bhaineann leis an athrú aeráide agus leis an gcomhshaol, agus domhandú, digiteáil, intleacht shaorga, teilea-oibriú, geilleagar na n-ardán agus an t-athrú déimeagrafach **déanfar** geilleagair agus sochaithe na hEorpa **a chlaochlú**. Ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na cúinsí struchtúracha sin agus na córais atá i bhfeidhm cheana a oiriúnú de réir mar is gá, agus aitheantas á thabhairt do dhlúth-idirthuilleamaíocht gheilleagair, mhargaí saothair agus bheartais ghaolmhara na mBallstát. Éilíonn na cuspóirí sin gníomhaíocht beartais comhordaithe uailmhianach éifeachtach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, i gcomhréir le forálacha CFAE agus an Aontais maidir le rialachas eacnamaíoch. Ba cheart go gcuimseodh gníomhaíocht beartais den sórt sin méadú ar an infheistíocht inbhuanaithe, tiomantas athnuaite i leith athchóirithe struchtúracha a bheidh seicheamhaithe go hiomchuí lena bhfeabhsaítear an fás eacnamaíoch, cruthú post ardcháilíochta, táirgiúlacht, coinníollacha oibre **leordhóthanacha**, comhtháthú sóisialta agus críochach, cóineasú aníos, athléimneacht agus feidhmiú na freagrachta fiosaí. Ba cheart bearta ó thaobh soláthair agus éilimh a bheith tugtha le chéile inti, agus a dtionchar ar chúrsaí comhshaoil, fostaíochta agus sóisialta á gcur san áireamh san am céanna.

bhaineann leis an athrú aeráide agus leis an gcomhshaol, agus domhandú, digiteáil, intleacht shaorga, teilea-oibriú, geilleagar na n-ardán agus an t-athrú déimeagrafach **tá** geilleagair agus sochaithe na hEorpa **á gclaochlú**. **Cé go bhféadfaí breathnú ar an teilea-obair mar chéim i dtreo chothromaíocht oibre is saoil níos fearr, óir cumasaítear rochtain ar na margáí saothair do ghrúpaí oibríthe a bhí eisiata go dtí seo, tá baol ann freisin go laghdófar na teorainneacha idir an obair agus am pearsanta agus go mbeidh toradh diúltach ann do chearta bunúsacha oibríthe agus dá sláinte fhisiciúil agus mheabhrach b'fhéidir.** Ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na cúinsí struchtúracha sin agus na córais atá i bhfeidhm cheana a oiriúnú de réir mar is gá, agus aitheantas á thabhairt do dhlúth-idirthuilleamaíocht gheilleagair, mhargaí saothair agus bheartais ghaolmhara na mBallstát. Éilíonn na cuspóirí sin gníomhaíocht beartais chomhordaithe, uailmhianach agus éifeachtach a **mbeidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach inti** ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal náisiúnta araon, i gcomhréir le CFAE, **Colún Eorpach na gCeart Sóisialta** agus forálacha an Aontais maidir le rialachas eacnamaíoch. Ba cheart go gcuimseodh gníomhaíocht beartais den sórt sin méadú ar an infheistíocht inbhuanaithe, tiomantas athnuaite i leith athchóirithe struchtúracha a bheidh seicheamhaithe go hiomchuí lena bhfeabhsaítear an fás eacnamaíoch, cruthú post ardcháilíochta, táirgiúlacht, coinníollacha oibre **cuibhiúla**, comhtháthú sóisialta agus críochach, cóineasú aníos, athléimneacht agus feidhmiú na freagrachta fiosaí **agus sóisialta**. Ba cheart bearta ó thaobh soláthair agus éilimh a bheith tugtha le chéile inti, agus a dtionchar ar chúrsaí comhshaoil, fostaíochta agus sóisialta á gcur san áireamh san am céanna. **Ag éirí as an Ráiteas ó airí airgeadais AE maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis**

i bhfianaise ghéarchéim COVID-19, an 23 Márta 2020, inar fógraíodh maolú sealadach ón gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (an clásal éalaithe ginearálta) agus teachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021, dar teideal Economic policy coordination in 2021: overcoming COVID-19, supporting the recovery and modernising our economy [Comhordú an bheartais eacnamaíoch in 2021: COVID-19 a chloí, tacú leis an téarnamh agus úr ngeilleagar a nuachóiriú], inar léiríodh go leanfaí den chlásal éalaithe ginearálta a fheidhmiú in 2022 agus go rabhthas ag súil é a dhíghníomhú ó 2023 ar aghaidh, ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na deiseanna a thugann an clásal éalaithe ginearálta chun tacaíocht a thabhairt do ghnóthais atá i gcruachás nó a bhfuil easpa leachtachta orthu, micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe, chun poist, tuarastal agus coinníollacha oibre a choimirciú agus infheistiú i ndaoine agus i gcórais leasa shóisialaigh. Ba cheart an riosca féideartha don airgeadas poiblí as an bhfadú, agus na hiarmhairtí diúltacha sóisialta féideartha a bhainfeadh lena dhíghníomhachtú, a bhfuil súil leis in 2023, a mheas ex-ante.

Leasú 4

Togra le haghaidh Cinnidh Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(8) Ar an 8 Bealtaine 2021, ag an gCruinniú Mullaigh Sóisialta in Porto⁽²⁰⁾, d'aithin ceannairí AE go bhfuil Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ina ghné bhunúsach den téarnamh, ag tabhairt dá n-aire le cur chun feidhme an Cholúin go neartófaí gníomhú an Aontais i dtreo aistriú digiteach, glas agus cothrom a rannchuideoidh le huas-chóineasú sóisialta agus eacnamaíoch agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhéimeagrafacha. Chuir siad

Leasú

(8) Ar an 8 Bealtaine 2021, ag an gCruinniú Mullaigh Sóisialta in Porto⁽²⁰⁾, d'aithin ceannairí AE go bhfuil Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ina ghné bhunúsach den téarnamh, ag tabhairt dá n-aire le cur chun feidhme an Cholúin go neartófaí gníomhú an Aontais i dtreo aistriú digiteach, glas agus cothrom a rannchuideoidh le huas-chóineasú sóisialta agus eacnamaíoch agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhéimeagrafacha. Chuir siad

i bhfáth go bhfuil an ghné shóisialta, an t-idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta i gcroílár geilleagair shóisialta mhargaidh dhianiomaíoch. Fuair na Ballstáit gur tugadh treoir úsáideach le Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta arna chur i láthair ag an gCoimisiún maidir leis an gColún a chur chun feidhme, lena n-áirítear i réimsí amhail fostaíocht, scileanna, sláinte agus cosaint shóisialta, Ba gheal leo spriocanna nua AE le haghaidh 2030 maidir le fostaíocht (78% den daonra idir 20-64 bliana d'aois a bheith fostaithe), scileanna (60% de dhaoine fásta a bheith rannpháirteach in oiliúint gach bliain) agus bochtaineacht a laghdú (laghdú 15 mhilliún ar a laghad, ar páistí cúig mhilliún díobh) agus an Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe d'fhonn faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo phrionsabail an Cholúin Shóisialta a chur chun feidhme mar chuid den chreat comhordaithe beartais i gcomhthéacs an tSeimistir Eorpaigh. Thug siad dá n-aire ina theannta sin, de réir mar a théarnóidh an Eoraip ó phaindeim COVID-19, gurb é an tosaíocht athrú ó bheith ag cosaint post go dtí poist a chruthú agus cáilíocht na bpost a fheabhsú, agus chuir siad i bhfáth go mbeidh sé riachtanach na prionsabail i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme chun a áirithiú go gcruthófar a thuilleadh post, agus iad níos fearr, don uile dhuine faoi raon feidhme téarnaimh ionchuimsithigh. Ar deireadh, chuir na Ballstáit i bhfáth a thábhachtaí atá sé, agus ag an leibhéal is airde freisin, súil ghéar a choinneáil ar an dul chun cinn a dhéantar i dtreo Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus phríomhspríocanna an Aontais le haghaidh 2030 a chur chun feidhme.

i bhfáth go bhfuil an ghné shóisialta, an t-idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht ghníomhach *na* gcomhpháirtithe sóisialta i gcroílár geilleagair shóisialta mhargaidh dhianiomaíoch. Fuair na Ballstáit gur tugadh treoir úsáideach le Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta arna chur i láthair ag an gCoimisiún maidir leis an gColún a chur chun feidhme, lena n-áirítear i réimsí amhail fostaíocht, scileanna, sláinte agus cosaint shóisialta, Ba gheal leo spriocanna nua AE le haghaidh 2030 maidir le fostaíocht (78% den daonra idir 20-64 bliana d'aois a bheith fostaithe), scileanna (60% de dhaoine fásta a bheith rannpháirteach in oiliúint gach bliain) agus bochtaineacht a laghdú (laghdú 15 mhilliún ar a laghad, ar páistí cúig mhilliún díobh) agus an Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe d'fhonn faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo phrionsabail an Cholúin Shóisialta a chur chun feidhme mar chuid den chreat comhordaithe beartais i gcomhthéacs an tSeimistir Eorpaigh. Thug siad dá n-aire ina theannta sin, de réir mar a théarnóidh an Eoraip ó phaindeim COVID-19, gurb é an tosaíocht athrú ó bheith ag cosaint post go dtí poist a chruthú agus cáilíocht na bpost a fheabhsú, agus chuir siad i bhfáth go mbeidh sé riachtanach na prionsabail i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme chun a áirithiú go gcruthófar a thuilleadh post, agus iad níos fearr, don uile dhuine faoi raon feidhme téarnaimh ionchuimsithigh. Ar deireadh, chuir na Ballstáit i bhfáth a thábhachtaí atá sé, agus ag an leibhéal is airde freisin, súil ghéar a choinneáil ar an dul chun cinn a dhéantar i dtreo Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus phríomhspríocanna an Aontais le haghaidh 2030 a chur chun feidhme. ***Ba cheart do na Ballstáit soghluaisteacht chothrom agus inaistritheacht na gceart agus na dteidlíochtaí a áirithiú trí chosaint níos fearr d'oibrithe soghluaiste, lena n-áirítear oibrithe trasteorann agus séasúracha, trí chigireachtaí saothair níos éifeachtaí agus trí réitigh dhigiteacha***

²⁰ an Chomhairle Eorpach, dearbhú Porto,
8 Bealtaine 2021.

Leasú 5

**Togra le haghaidh Cinnidh
Aithris 8 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

éifeachtacha a thionscnamh.

²⁰ an Chomhairle Eorpach, dearbhú Porto,
8 Bealtaine 2021.

Leasú

(8a) *Tá an easpa dídine ar an eisiatacht shóisialta is measa, agus déanann sí difear diúltach do shláinte fhisiciúil agus mheabhrach daoine, dá ndea-bhail, agus dá gcáilíocht saoil, agus dá rochtain ar fhostaíocht agus ar sheirbhísí eacnamaíocha agus sóisialta eile. Tá Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún, na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, chomh maith le heagraíochtaí sochaí sibhialta ar leibhéal an Aontais, tar éis comhaontú an tArdán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac a lainseáil. Mar chuspóir deiridh chun deireadh a chur leis an easpa dídine faoi 2030, gheall siad an prionsabal “tús áite don tithíocht” a chur chun feidhme, trína ndéanfaí cosc ar easpa dídine a chur chun cinn agus rochtain ar thithíocht agus seirbhísí tacaíochta leordhóthanacha, sábháilte agus inacmhainne a chur ar fáil do dhaoine gan dídean, agus ag an am céanna na bearta beartais riachtanacha a chur ar bun, le cistiú leordhóthanach náisiúnta agus Aontais.*

Leasú 6

**Togra le haghaidh Cinnidh
Aithris 9**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(9) Ba cheart athchóirithe ar an

Leasú

(9) Ba cheart athchóirithe ar an

margadh saothair, lena n-áirítear sásraí chun rátaí tuarastail náisiúnta a shocrú, a bheith i gcomhréir le cleachtais náisiúnta an idirphlé shóisialta, d'fhonn tuarastal cóir a sholáthar lena gcumasófar caighdeán beatha cuibhiúil agus fás inbhuanaithe. Ba cheart go bhfágfaidís deis riachtanach maidir le breithniú leathan ar cheisteanna socheacnamaíocha freisin, lena n-áirítear feabhsuithe ar an inbhuanaitheacht, iomaíochas, nuálaíocht, cruthú post ardcháilíochta, coinníollacha oibre, bochtaineacht lucht oibre, oideachas agus scileanna, sláinte phoiblí agus ionchuimsitheacht agus ioncaim réadacha. Ba cheart go n-áiríteodh na Ballstáit agus an tAontas go ndéanfar tionchar sóisialta, fostaíochta agus geilleagrach ghéarchéim COVID-19 a mhaolú agus go mbeidh na haistrithe cothrom agus cóir ar bhonn sóisialta. Ba cheart neartú an téarnaimh agus iarrachtaí i dtreo sochaí ionchuimsithí agus athléimní ina ndéantar daoine a chosaint agus a chumasú chun athruithe a thuar agus a láimhseáil, agus ina bhféadfaidh siad a bheith rannpháirteach sa tsochaí agus sa gheilleagar ar bhonn gníomhach a shaothrú. Beidh tacar comhtháite beart gníomhach maidir leis an margadh saothair ina mbeidh dreasachtaí **sealadacha maidir le fostú** agus aistriú, **scileanna, beartais** agus seirbhísí fostaíochta feabhsaithe riachtanach chun tacú le haistrithe ar mhargadh an tsaothair mar a tugadh chun suntais sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (EASE).

margadh saothair, lena n-áirítear sásraí chun rátaí tuarastail náisiúnta a shocrú, a bheith i gcomhréir le cleachtais náisiúnta an idirphlé shóisialta, d'fhonn tuarastal cóir a sholáthar lena gcumasófar caighdeán beatha cuibhiúil agus fás inbhuanaithe. Ba cheart go bhfágfaidís deis riachtanach maidir le breithniú leathan ar cheisteanna socheacnamaíocha freisin, lena n-áirítear feabhsuithe ar an inbhuanaitheacht, iomaíochas, nuálaíocht, cruthú post ardcháilíochta, coinníollacha oibre, bochtaineacht lucht oibre, **comhionannas inscne**, oideachas agus scileanna, sláinte phoiblí agus ionchuimsitheacht agus ioncaim réadacha. **Ba cheart do na Ballstáit dá bhrí sin, ról na gcomhpháirtithe sóisialta a urramú agus a neartú, leathnú chumhdach na cómhargála a chur chun cinn, agus tacú le dlús ard eagraíochtaí ceardchumann agus fostóirí chun téarnamh cuimsitheach agus cóir ar bhonn sóisialta a áirithiú.** Ba cheart go n-áiríteodh na Ballstáit agus an tAontas go ndéanfar tionchar sóisialta, fostaíochta agus geilleagrach ghéarchéim COVID-19 a mhaolú agus go mbeidh na haistrithe cothrom agus cóir ar bhonn sóisialta. Ba cheart neartú an téarnaimh agus iarrachtaí i dtreo sochaí ionchuimsithí agus athléimní ina ndéantar daoine a chosaint agus a chumasú chun athruithe a thuar agus a láimhseáil, agus ina bhféadfaidh siad a bheith rannpháirteach sa tsochaí agus sa gheilleagar ar bhonn gníomhach a shaothrú. Beidh tacar comhtháite beart gníomhach maidir leis an margadh saothair ina mbeidh **dreasachtaí** sealadacha chun daoine a fhostú agus scileanna don aistriú, **bailíochtú inniúlachtaí agus a bhfáil** agus seirbhísí fostaíochta feabhsaithe riachtanach chun tacú le haistrithe ar mhargadh an tsaothair mar a tugadh chun suntais sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (EASE). **Tá gá le dianmheastóireacht ar bheartais náisiúnta agus scéimeanna tacaíochta a bhí in úsáid chun éifeachtaí**

phaindéim COVID-19 a mhaolú chun go bhféadfar ceachtanna a fhoghlaim agus uirlisí a shainaitheint lena n-úsáid amach anseo.

Leasú 7

Togra le haghaidh Cinnidh Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(10) Ba cheart ***dul i ngleic*** le hidirdhealú den uile shórt, an comhionannas inscne a áirithiú agus ***tacú le*** fostaíocht don aos óg. Ba cheart rochtain agus deiseanna a áirithiú do chách agus an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta (lena n-áirítear eisiamh sóisialta leanaí) ***a laghdú***, go háirithe trí dhea-fheidhmiú na margáí saothair a áirithiú agus trí chórais chosanta sóisialta leordhóthanacha agus ionchuimsitheacha, agus trí dheireadh a chur le bacainní ar oideachas, oiliúint agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, lena n-áirítear trí infheistíochtaí san oideachas agus cúram luath-óige ***agus i*** scileanna digiteacha. Tá rochtain thráthúil agus chomhionann ar sheirbhísí sláinte agus cúraim fadtéarmacha inacmhainne, lena n-áirítear ***cosc***, agus cur chun cinn an chúraim sláinte, thar a bheith ***ábhartha***, i bhfianaise ghéarchéim COVID-19 agus i gcomhthéacs sochaithe atá ag dul in aois. Ba cheart acmhainneacht dhaoine faoi mhíchumas chun rannchuidiú le fás eacnamaíoch agus leis an bhforbairt shóisialta a réadú a thuilleadh. De réir mar a ghlactar le samhlacha nua eacnamaíocha agus gnó i láithreacha oibre an Aontais, tá an caidreamh fostaíochta ag athrú freisin. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, leis an gcaidreamh fostaíochta a eascraíonn ó chineálacha nua oibre, go ***leanfar de shamhail*** shóisialta na hEorpa ***agus go ndéanfar í*** a neartú.

Leasú

(10) Ba cheart ***deireadh a chur*** le hidirdhealú den uile shórt, an comhionannas inscne a áirithiú agus fostaíocht don aos óg ***a chur chun cinn***. Ba cheart rochtain agus deiseanna a áirithiú do chách agus an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta (lena n-áirítear eisiamh sóisialta leanaí) ***a dhíothú***, go háirithe trí dhea-fheidhmiú na margáí saothair a áirithiú agus trí chórais chosanta sóisialta leordhóthanacha agus ionchuimsitheacha, agus trí dheireadh a chur le bacainní ar oideachas, oiliúint agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, lena n-áirítear trí infheistíochtaí san oideachas agus cúram luath-óige, scileanna digiteacha ***agus foghlaim ar feadh an tsaoil***. ***Ba cheart do na Ballstáit cur leis an infheistíocht i bpoist inbhuanaithe ardcháilíochta agus cur chuige ionchuimsitheach a ghlacadh chun leanaí a bhaint as an mbochtaineacht agus tacú le tuismitheoirí leanaí ar an ngannchuid***. ***Ba cheart Ráthaíocht na hEorpa i dtaobh Leanaí a phríomhshruthú ar fud na n-earnálacha beartais uile agus cistiú le haghaidh cearta leanaí a bheith ina thosaíocht, agus lánúsáid á déanamh de bheartais agus cistí reatha an Aontais le haghaidh bearta nithiúla a rannchuidíonn chun bochtaineacht leanaí agus eisiatacht shóisialta a dhíothú***. Tá rochtain thráthúil agus chomhionann ar sheirbhísí sláinte agus cúraim fadtéarmacha inacmhainne, lena n-áirítear ***ceisteanna sláinte meabhráí sa láthair oibre a chosc go háirithe***, agus cur chun cinn an chúraim sláinte, thar a

bheith *tábhachtach*, i bhfianaise ghéarchéim COVID-19 agus i gcomhthéacs sochaithe atá ag dul in aois. Ba cheart acmhainneacht *daoine* faoi mhíchumas chun rannchuidiú le fás eacnamaíoch agus leis an bhforbairt shóisialta a réadú a thuilleadh. De réir mar a ghlactar le samhlacha nua eacnamaíocha agus gnó i láithreacha oibre an Aontais, tá an caidreamh fostaíochta ag athrú freisin. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, leis an gcaidreamh fostaíochta a eascraíonn ó chineálacha nua oibre, go ndéanfar ***samhail shóisialta na hEorpa a neartú, agus go ndéanfar cearta oibrithe, coinníollacha cuibhiúla oibre, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht sa láthair oibre, pá cuibhiúil agus cothromaíocht shásúil oibre is saoil a ráthú ag an am céanna.***

Leasú 8

Togra le haghaidh Cinnidh Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(12) Ba cheart do na Ballstáit lánúsáid a dhéanamh de REACT-EU ⁽²¹⁾ a atreisióinn cistí beartas comhtháthaithe go dtí 2023, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an tSaoráid nua Téarnaimh agus Athléimneachta ⁽²²⁾ agus cistí eile Aontais, lena n-áirítear an Ciste um Aistriú Cóir agus InvestEU, chun an fhostaíocht, infheistíochtaí sóisialta, ionchuimsitheacht shóisialta agus inrochtaineacht a chothú, agus deiseanna uas-scilithe agus athscilithe san fhórsa saothair, foghlaim ar feadh an tsaoil agus oideachas ardcháilíochta agus oiliúint don uile dhuine, lena n-áirítear litearthacht agus scileanna digiteacha, a chur chun cinn. Cé go ndírítear na Treoirínte Comhtháite ar na Ballstáit agus ar an Aontas, ba cheart iad a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla uile, i ndlúthchomhar le parlaimintí, agus le

Leasú

(12) Ba cheart do na Ballstáit lánúsáid a dhéanamh de REACT-EU ⁽²¹⁾ a atreisióinn cistí beartas comhtháthaithe go dtí 2023, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an tSaoráid nua Téarnaimh agus Athléimneachta ⁽²²⁾ agus cistí eile Aontais, lena n-áirítear an Ciste um Aistriú Cóir agus InvestEU, chun an fhostaíocht, infheistíochtaí sóisialta, ionchuimsitheacht shóisialta agus inrochtaineacht a chothú, agus deiseanna uas-scilithe agus athscilithe san fhórsa saothair, foghlaim ar feadh an tsaoil agus oideachas ardcháilíochta agus oiliúint don uile dhuine, lena n-áirítear litearthacht agus scileanna digiteacha, a chur chun cinn. ***Ba cheart do na Ballstáit lánúsáid a dhéanamh freisin den Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), ciste athbhreithnithe, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón***

comhpháirtithe sóisialta agus ionadaithe na sochaí sibhialta.

gComhairle^{22a} chun tacú le hoibríthe a iomarcaíodh de bharr ghéarchéim COVID-19. Cé go ndírítear na Treoirínte Comhtháite ar na Ballstáit agus ar an Aontas, ba cheart iad a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla uile, i ndlúthchomhar le parlaimintí, agus le comhpháirtithe sóisialta agus ionadaithe na sochaí sibhialta.

²¹ Rialachán (AE) 2020/2221 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní breise agus socruithe cur chun feidhme chun cúnamh a chur ar fáil chun leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach ullmhú don gheilleagar (REACT-EU) (IO L 437, 28.12.2020, lch. 30).

²¹ Rialachán (AE) 2020/2221 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní breise agus socruithe cur chun feidhme chun cúnamh a chur ar fáil chun leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach ullmhú don gheilleagar (REACT-EU) (IO L 437, 28.12.2020, lch. 30).

²² Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

²² Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

^{22a} ***Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibríthe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 48).***

Leasú 9

**Togra le haghaidh Cinnidh
Aithris 13 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(13a) I rún reachtach uaithi an 10 Iúil 2020 maidir leis an togra le haghaidh

cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh beartais fostaíochta na mBallstát, d'iarr Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí na treoirlínte maidir le beartais fostaíochta na mBallstát a athbhreithniú i bhfianaise phaindéim COVID-19 agus na hiarmhairtí sóisialta agus fostaíochta a bhain léi d'fhonn freagairt níos fearr ar an ngéarchéim. Is den riachtanas é na treoirlínte maidir le beartais fostaíochta na mBallstát a athbhreithniú dá réir. Chun an chinnteoireacht dhaonlathach a neartú, ba cheart Parlaimint na hEorpa a bheith rannpháirteach, ar comhchéim leis an gComhairle, i sainiú na dTreoirlínte Comhtháite um Fhorás agus um Fhostaíocht.